
etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*





# Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas



## CLÁR


Réamhrá III

Intreoir 1

Faisnéis Chúlra 1

Sainspiorad nó Éiteas? 2

Ráiteas Éitis 3

An turas i dtreo *Chreat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas* 4

Forbhreathnú ar *Chreat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas* 4

Caighdeáin Éitis agus Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach 5

Éiteas na Scoileanna BOO 6

Forbhreathnú ar Réimsí, Sainmhínithe agus Caighdeáin 7

Caighdeáin Éitis agus Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach do Scoileanna BOO 8

- RÉIMSE 1: Tábhacht an Éitis 8
- RÉIMSE 2: Barr Feabhais san Oideachas 9
- RÉIMSE 3: Cúram 9
- RÉIMSE 4: Comhionannas 11
- RÉIMSE 5: Pobal 12
- RÉIMSE 6: Meas 14
- RÉIMSE 7: Curaclam na bPátrún 15

Iarratais ar an *gCreat* 16

- Aguisín 1
  Ráiteas Sainspioraid le haghaidh Scoileanna Náisiúnta Pobail agus le haghaidh Coláistí Pobail 18
- Aguisín 2
  Ráiteas Sainspioraid le haghaidh Coláistí Pobail ar Leith 19






## RÉAMHRÁ

Tá an-áthas orm an foilseachán seo a chur i láthair, *Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas*. Tá an-tábhacht leis an doiciméad seo d'earnáil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus muid ag iarraidh a bheith ar an soláthraí is mó in Éirinn i dtaca le hoideachas ilchreidmheach, bunaithe ar chomhionannas ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile (*Plean Straitéiseach BOOÉ, 2022 – 2024*).

Cuireadh *an Creat* seo le chéile tar éis 10 mbliana de thaighde eimpíreach, machnamh criticiúil, comhairliúchán, agus ceapadh polasaí físeach a bhaineann le gach scoil BOO, 16 phátrún BOO, BOOÉ agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Bhreathnaigh mé ar an obair seo agus í ag teacht chun cinn le roinnt blianta anuas agus an-spéis agam inti agus tá ríméad orm a fheiceáil go bhfuil sprioc thábhachtach bainte amach againn.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú gach rath a ghuí ar gach scoil BOO agus iad ag obair leis an *gCreat* seo. Beidh tacaíocht áitiúil acu óna gComhordaitheoir Éitis, Stiúrthóir Scoileanna, Príomhfheidhmeannach agus go náisiúnta ó BOOÉ de réir mar a chuireann siad i bhfeidhm é. Ba mhaith liom an deis a thapú freisin buíochas a ghabháil le baill uile Thascghrúpa na Pátrúnachta agus Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Stiúrthóireacht Pátrúnachta BOO i BOOÉ a léirigh ceannaireacht iontach agus an *Creat* á thabhairt chuig an gcéim ríthábhachtach seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Shivaun O'Brien (DCU) as a ról lárnach agus í ag aistriú 10 mbliana de thuairiscí ó imeachtaí comhairliúcháin éagsúla, taighde ábhartha agus go leor páipéar ar chúlra polasaí a d'fhorbair BOOÉ i sraith chomhtháite réimsí, caighdeán agus ráitis ar chleachtas éifeachtach agus is cuid bhunúsach den *Chreat* iad sin. Léiriú is ea an úsáid thairbheach a bhaineann ceannairí scoile as ráitis na gcleachtas éifeachtúil ar a chruinne is a rinneadh an obair go léir go dtí seo. Ba mhaith liom ómós ar leith a thabhairt don Dr Séamus Conboy a d'oibrigh an-chrua le roinnt blianta anuas chun an obair seo a thabhairt chun críche.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an earnáil chun an *Creat* a chur i bhfeidhm ar fud na scoileanna sna blianta amach romhainn.

*Paddy Lavelle*

**Paddy Lavelle, Ard-Rúnaí, BOOÉ**



# Intreoir

*"Nuair a dhéantar dearmad ar cheachtanna, agus ar chacalas difreálach, ar chuimhní scátha ar tábla peiriadach na ndúl agus ar na briathra neamhrialta, féadann éiteas na scoile ar fhreastail muid uirthi fanacht mar chuid dár bhfeasacht."*
***(Kevin Williams, 2000)***

Le blianta beaga anuas, tharla athruithe móra cultúir, creidimh, polaitíochta, sóisialta agus déimeagrafacha in Éirinn. Ós rud é gur scoileanna 'stáit' iad scoileanna BOO, tá freagrachtaí ar leith orthu maidir leis an 'leas coiteann' i sochaí ina bhfuil an-éagsúlacht. Tá sé ríthábhachtach mar sin go mbeadh tuiscint shoiléir ag scoileanna BOO ar an éiteas atá mar bhonn leis an saol ina scoileanna agus go dtreoraítear iad ina dtuiscint ar an éiteas sin.

D'fhorbair BOOÉ agus an Lárionad Meastóireachta, Cáilíochta agus Cigireachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) *Creat Phátrúin BOO maidir le hÉiteas* i gcomhar le 16 BOO agus scoileanna BOO na hÉireann, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Is é aidhm *an Chreata* cur síos a dhéanamh ar cad is scoil BOO ann, go háitiúil agus go náisiúnta tríd na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Pobail scoile BOO agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a bhfuil comhthuiscint acu ar éiteas earnáil scoile BOO
- treoir phraiticiúil do scoileanna BOO maidir le conas is féidir an t-éiteas a úsáid ó lá go lá
- *Creat* cinnteoireachta do cheannairí scoile BOO agus do Bhoird Bhainistíochta

## Faisnéis chúlra




Tá 16 BOO ar fud Phoblacht na hÉireann agus is pátrúin iad ar Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNPnna) agus ar Choláistí Pobail[1]. Le chéile, is iad BOOnna an soláthraí oideachais ilchreidmheach is mó in Éirinn.

Ceanglaítear le halt 15 (2) (b) den *Acht Oideachais* (1998) ar Bhord Bainistíochta (BB) scoile "spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúir, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíocha agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chuid chéanna, a chosaint agus beidh sé **cuntasach don phátrún** as iad a chosaint amhlaidh…" D'fhonn go mbeadh Boird Bhainistíochta in ann a ndualgais a chomhlíonadh mar a leagtar amach san *Acht*, tá sé ríthábhachtach go mbeadh soiléireacht ann maidir le hionchais na bpátrún i leith sainspioraid (éiteas). Tá an earnáil ag obair le deich mbliana anuas chun an tsoiléireacht sin a chur ar fáil do phobail scoile.

Tar éis spreagadh a fháil ó chomhráite maidir le pátrúnacht go náisiúnta mar thoradh ar an bhFóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas (2012), thosaigh an earnáil BOO ag smaoineamh dáiríre ar an sainspiorad a bheadh oiriúnach do scoileanna stáit agus eagraíodh sraith comhdhálacha ar an gceist. Mar thoradh ar na comhdhálacha sin, coimisiúnaíodh Ollscoil Luimnigh (OL) chun tabhairt faoi phíosa cuimsitheach taighde ar fud 18 iar-bhunscoil BOO i 6 BOOnna. Ba é cuspóir an taighde sin foghlaim faoi thuiscintí agus faoi léirithe reatha ar shainspiorad (éiteas) i scoileanna BOO atá á mbainistiú go poiblí. Ba iad na príomhthorthaí ón taighde sin, cé go raibh luachanna amhail comhionannas, meas agus cúram le feiceáil ar fud na scoileanna, nach raibh mórán comhleanúnachais laistigh de scoileanna ná eatarthu ina dtuiscintí ar a n-éiteas iomlán ná an méid atá i gceist le scoil BOO.

[1] Cuireann BOOnna oideachas ar fáil freisin do pháistí ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile i Scoileanna Speisialta Pobail agus i Scoileanna Ospidéil. Baineann *an Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas* leis na socruithe sin freisin.



## Faisnéis chúlra (ar lean)

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna i dtaighde OL, bhunaigh BOOÉ Tascghrúpa Pátrúnachta in 2016 ina raibh pearsanra, Príomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóirí Scoileanna BOOÉ ó gach cuid den earnáil. Reáchtáil BOOÉ a chéad Lá na bPátrún in 2017 áit ar tháinig Príomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóirí Scoileanna ó gach BOO le chéile chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis na saincheisteanna sin. Mar thoradh air sin, tugadh sainordú do BOOÉ próiseas Athbhreithnithe Bunluachanna a dhéanamh ar fud gach ceann de na 16 BOO in 2018. Reáchtáladh dhá cheardlann ina raibh príomhoidí agus go leor leas-phríomhoidí ó gach scoil BOO. Bá é sprioc na gceardlann na nithe seo a bhunú:

1. bunluachanna atá mar bhonn le sainspiorad na hearnála.
2. áit an reiligiúin agus an chreidimh i scoileanna BOO.

Dheimhnigh torthaí an Athbhreithnithe ar Bhunluachanna go bhfuil scoileanna BOO, den chuid is mó, faoi bhláth sna ceantair ar a bhfreastalaíonn siad. Tá go leor fianaise ann go bhfuil cleachtais den scoth ar fud na hearnála maidir leis na bunluachanna atá mar bhonn le héiteas a scoileanna. Mar sin féin, deimhníodh go gcaithfear aird a dhíriú ar go leor réimsí den éiteas. D'aithin agus chuir ceannairí scoile é sin in iúl le linn an phróisis.

Bhí comhaontú idir príomhoidí agus leas-phríomhoidí i dtaca leis an iarratas ar cheannaireacht agus ar shoiléireacht óna bpátrún BOOnna maidir le poist earnála a fhorbairt ar phríomhréimsí amhail conas éiteas BOO a chur in iúl agus áit an reiligiúin agus an chreidimh i scoileanna BOO.

Is é an *Creat* seo freagra na hearnála BOO maidir leis an éileamh sin ar cheannaireacht agus ar shoiléireacht. Is é príomhchuid an *Chreata* seo caighdeáin agus ráitis ar chleachtas éifeachtach a d'fhorbair an Lárionad Meastóireachta, Cáilíochta agus Cigireachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi stiúir an Dr Shivaun O'Brien i gcomhairle le BOOÉ agus leis an earnáil i gcoitinne. Chuaigh BOOÉ i dteagmháil le ceannairí scoile, Stiúrthóirí Scoileanna agus Príomhfheidhmeannaigh chun eolas a thabhairt ar na caighdeáin agus ar na ráitis ar chleachtas éifeachtach sin. Tugadh freagra thar a bheith dearfach. Tríd is tríd, thug ceannairí scoile le fios go léiríonn *an Creat* na dea-chleachtais atá sna scoileanna cheana féin. Tá teanga chomhchoiteann anois ag pobail scoile BOO chun na dea-chleachtais sin a chur in iúl agus a cheiliúradh. Tugann *an Creat* dúshlán freisin do scoileanna BOO machnamh criticiúil a dhéanamh lena bpobail scoile ar ghnéithe dá gcleachtais reatha nach bhfuil ag teacht leis an méid a leagtar amach sa *Chreat* seo.

## Sainspiorad nó Éiteas?

D'fhéadfadh mearbhall a bheith ann maidir leis na téarmaí éagsúla a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar chultúr agus luachanna scoile. Sainmhínítear an téarma 'sainspiorad' san *Acht Oideachais (1998)* "mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúir, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíocha agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile." Sainmhíníonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) é mar "léiriú ar na haidhmeanna, cuspóirí, spriocanna, luachanna agus creideamh a bhfuil an scoil ag iarraidh tacú leo agus a chaomhnú". Go bunúsach, is é spiorad sainiúil na scoile na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca faoi gach gné de shaol na scoile.

Áitítear go forleathan go samhlaítear go bhfuil coincheapa 'sainspiorad' agus 'éiteas' comhchiallach agus gur féidir iad a úsáid go hinmhalartach. Is féidir gur sheachain an *tAcht Oideachais (1998)* úsáid an fhocail 'éiteas' de bhrí gur samhlaíodh cúrsaí creidimh leis i gcomhthéacs na hÉireann. Go hidirnáisiúnta, áfach, ní shamhlaítear cúrsaí den sórt sin leis an bhfocal 'éiteas' agus úsáidtear go forleathan é chun cur síos a dhéanamh ar chreidimh, luachanna agus cleachtais atá mar bhonn le saol na scoile. Ós rud é gur téarma inaitheanta é 'éiteas' do dhaltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí, agus go n-úsáidtear é i gcomhthéacsanna eile ilchreidmheacha, ina bhfuil chomhionannas, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, roghnaigh earnáil BOO an focal 'éiteas' a úsáid in ionad an téarma 'sainspiorad'.




## Ráiteas Éitis

Mar thoradh ar Phróiseas Athbhreithnithe na mBunluachanna, is féidir an ráiteas seo a leanas a dhéanamh faoi gach scoil BOO:

Is scoileanna stáit, comhoideachais, ilchreidmheacha iad scoileanna BOO a bhfuil na bunluachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca acu:

- barr feabhais san oideachas
- cúram
- comhionannas
- pobal agus
- meas




Bhí an-tábhacht leis an ráiteas sin ionas go mbeadh an earnáil in ann cloí leis an *Acht Oideachas (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018* a d'éiligh ar gach scoil a n-éiteas a leagan amach ina bPolasaithe Iontrála (Aguisín 1). Spreag an *tAcht* sin BOOÉ freisin chun dul i dteagmháil le hionadaithe ó chomhlachtaí eile a bhfuil baint acu le Coláistí Pobail ar Leith chun teacht ar chomhaontú ar ráiteas maidir le héiteas lena úsáid sna scoileanna seo (Aguisín 2). Tugann scoileanna BOO a bhfuil baint acu le *Ag Foghlaim Le Chéile* tús áite freisin do na bunluachanna sin ina bPolasaithe Iontrála.

Ní raibh sa ráiteas soiléir sin maidir le héiteas ach tús an turais, cé go dtugann sé aghaidh ar go leor de na saincheisteanna a leagadh amach roimhe seo. Ba é an chéad chéim lárnach eile *Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas* a fhorbairt chun tacú le scoileanna an t-éiteas sin a thabhairt chun beatha. Ceapadh Comhordaitheoirí Éitis i ngach BOO chun cabhrú le scoileanna *an Creat* a chur i bhfeidhm. Tacaíonn Comhordaitheoir Éitis le Foireann Ceannaireachta Éitis (FCÉ) i ngach scoil BOO. Oibríonn siad go dlúth freisin lena bpátrún BOO agus BOOÉ chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí atá ag teastáil ó scoileanna acu chun na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca faoi éiteas an BOO a úsáid ar bhealach fiúntach.



## An Turas i dtreo Chreat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas

Úsáideadh roinnt príomhdhoiciméid agus imeachtaí chun an Creat a chur i dtoll a chéile:


| | | | |
|---|---|---|---|
| Tuarascáil Taighde OL agus Páipéir acadúla lenar bhain sin | Turas shamhail SNP chun sainmhíniú a thabhairt ar cad atá i gceist le scoil stáit ilchreidmheach | Foghlaim ó fhorbairt an churaclaim *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! (MLML)* le haghaidh SNPnna | Próiseas Athbhreithnithe na mBunluachanna |
| Athbhreithniú Litríochta OL ar na bunluachanna atá mar bhonn agus mar thaca faoi éiteas scoileanna BOO | Go leor Imeachtaí comhairliúcháin ar fud na hearnála | Ráitis an Sainspioraid (Éiteas) le húsáid i bPolasaithe Iontrála i Scoileanna BOO | *Creataí Ag Breathnú ar an Scoil Againne le* haghaidh Bunscoileanna agus Meánscoileanna |

## Forbhreathnú ar Chreat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas

Forbraítear an *Creat* de réir chreat *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (LAOS)* a bhfuil an-chur amach ag gach scoil air. Is codanna lárnacha den Chreat iad na réimsí, sainmhínithe, caighdeáin agus ráitis ar chleachtas éifeachtach.

***Tá 7 réimse sa Chreat:***

1. Tábhacht an Éitis
2. Barr Feabhais san Oideachas
3. Cúram
4. Comhionannas
5. Pobal
6. Meas
7. Curaclam na bPátrún





*Fíor 1 Curtha in oiriúint ó LAOS (2022)*

| | |
|---|---|
| **Réimse** | Léiríonn gach réimse gné ar leith, ach idirghaolmhar d'éiteas scoileanna BOO. |
| **Sainmhíniú** | Cuirtear sainmhíniú ar fáil do gach réimse chun a chinntiú go bhfuil tuiscint choiteann ag gach páirtí leasmhar ar na coincheapa. |
| **Caighdeán** | Luaitear na caighdeáin mar iompar agus tréithe na gcleachtas a bhaineann le héiteas i scoil éifeachtach. |
| **Ráiteas ar Chleachtas Éifeachtach** | Déanann ráitis an chleachtais éifeachtaigh cur síos ar chleachtais sa saol laethúil scoile áit a bhfuil éiteas BOO in úsáid ar bhealach éifeachtach. |








# Caighdeáin Éitis agus Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach



## Éiteas Scoileanna BOO

Is scoileanna stáit, comhoideachais, ilchreidmheacha iad scoileanna BOO ina bhfuil na bunluachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca acu:

- Barr feabhais san oideachas
- cúram
- comhionannas
- pobal agus
- meas




Is tábhachtach tosú le tuiscint choiteann ar na téarmaí: 'stát', 'comhoideachasúil' agus 'ilchreidmheach'. I scoil BOO is féidir na téarmaí sin a shainmhíniú ar an mbealach seo a leanas:

**Stát** – Is scoileanna 'stáit' iad scoileanna BOO mar go bhfuil siad faoi phátrúnacht comhlachtaí poiblí.

**Comhoideachasúil** - I scoileanna BOO, ní hamháin go mbaineann 'comhoideachasúil' le peirspictíocht dhénártha ar inscne ach cuirtear éagsúlacht iomlán na bhféiniúlachtaí inscne agus léirithe inscne i bpobal na scoile san áireamh agus é sin mar bhonn le caidrimh mheasúla ar fud na héagsúlachta sin. Is é aidhm ár scoileanna deireadh a chur le steiréitíopaí inscní agus tionchar aon steiréitíopaí den sórt sin.

**Ilchreidmheach** - I scoileanna BOO, ciallaíonn 'ilchreidmheach' go dtugtar comhdheiseanna do gach dalta dul i ngleic leis an gcuraclam agus le saol na scoile. Déanann ár scoileanna ár ndícheall cur ar chumas gach dalta a gcumas iomlán a bhaint amach beag beann ar ghné ar bith dá bhféiniúlacht ná dá gcúlra. Cuireann ár scoileanna timpeallacht shábháilte fhisiciúil agus shóisialta ar fáil do gach ball de phobal na scoile rud a threisíonn a mbraistint féiniúlachta agus mothaíonn siad gur cuid de phobal na scoile iad agus den tsochaí i gcoitinne.

## Forbhreathnú ar Réimsí, Sainmhínithe agus Caighdeáin

| Réimsí | Sainmhínithe | Caighdeáin |
|---|---|---|
| **1: Tábhacht an Éitis** | I scoil BOO, tá an t-éiteas mar bhonn agus mar thaca faoi gach polasaí agus cleachtas sa scoil. Cuireann sé in iúl na luachanna a chuirtear chun cinn sa scoil, conas a dhéantar na curaclaim fhoirmiúla agus fholaithe a sheachadadh, agus nádúr na gcaidreamh laistigh den scoil. | Tuigeann gach ball de phobal na scoile an t-éiteas agus cuirtear in iúl dóibh é<br><br>Cinntíonn ceannaireacht scoile cur chun cinn córasach agus cur i bhfeidhm an éitis i bpríomhphróisis chinnteoireachta |
| **2: Barr Feabhais san Oideachas** | Bunaítear trí éiteas scoile an BOO go bhfuil bunluachanna an chúraim, an mheasa, an phobail agus an chomhionannais mar bhonn agus mar thaca faoi bharr feabhais san oideachas. Cuimsíonn Barr Feabhais san Oideachas torthaí, eispéiris agus ionchais do gach ball de phobal na scoile. | Is é aidhm na scoile barr feabhais a bhaint amach i ngach gné den fhoghlaim agus den teagasc |
| **3: Cúram** | I scoil BOO, baineann cúram le leas, folláine, agus sábháilteacht gach ball de phobal na scoile. Léirítear é sin trí chaidrimh fhiúntacha, cóngas, agus comhbhá, chomh maith le tacaíocht agus dlúthpháirtíocht. | Cuireann an scoil timpeallacht chomhbhách ar fáil a chuireann leas a ball go léir chun cinn go héifeachtach<br><br>Cinntíonn an fhoireann go dtuigeann siad leasanna agus cumas na ndaltaí uile<br><br>Forbraítear agus cuirtear cuir chuige córasacha i bhfeidhm maidir le tacaíocht na ndaltaí agus go háirithe, tacaíochtaí do na daoine is leochailí |
| **4: Comhionannas** | I scoil BOO, baineann comhionannas le caitheamh go cothrom le gach ball de phobal na scoile agus éagsúlacht na mball sin a aithint agus a cheiliúradh. Léirítear an méid sin sa tosaíocht a thugtar d'acmhainní ar bhonn riachtanais agus cur chun cinn chultúr an chuimsithe. | Cuireann an scoil cultúr comhionannais agus cuimsithe chun cinn a léiríonn éagsúlacht laistigh de phobal na scoile |
| **5: Pobal** | I scoil BOO, cuimsíonn pobal daltaí, baill foirne, tuismitheoirí/ caomhnóirí agus an pobal áitiúil. Baineann sé le fís, luachanna, cuspóir coiteann, muintearas, agus go n-éistear le gach duine. Léirítear é trí chomhoibriú tairbheach, cúnamh dearfach, agus cumarsáid éifeachtach idir gach ball de phobal na scoile. | Mothaíonn daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí /caomhnóirí go bhfuil tábhacht leo mar bhaill de phobal na scoile agus go bhfuil cuspóir acu<br><br>Tugtar deiseanna fiúntacha do gach ball de phobal na scoile guth gníomhach a bheith acu sa scoil<br><br>Tá an scoil páirteach sna pobail áitiúla agus náisiúnta, déantar machnamh agus plé chun tacú le hobair na scoile agus leis an bpobal áitiúil<br><br>Téann an scoil i dteagmháil go cuí agus go cothrom le pobail reiligiúnacha/ chreidimh |
| **6: Meas** | I scoil BOO, baineann meas le dínit, cearta, agus aitheantas féiniúlachta agus cúlra gach ball de phobal na scoile a chosaint. Léirítear é sna caidrimh idir gach ball de phobal na scoile, agus sa chinnteoireacht a mbíonn tionchar dearfach aici ar chearta, ar mhothúcháin, agus ar mhianta éagsúlacht na ndaoine laistigh den phobal scoile. | Cuireann an scoil timpeallacht mheasúil chun cinn do gach ball de phobal na scoile<br><br>Forbraíonn agus cuireann an scoil cód éifeachtach iompair i bhfeidhm de réir éiteas na scoile |
| **7: Curaclam na bPátrún** | Is léiriú curaclaim éiteas scoile BOO é curaclam na bpátrún. I Scoileanna Náisiúnta Pobail, is é *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! (MLML)* curaclam na bpátrún. I gColáistí Pobail, tá dhá churaclaim phátrúin ann, don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach (forbairt á déanamh uirthi). | Cuirtear curaclam na bpátrún i bhfeidhm go cuí sa scoil |

## Réimse 1: Tábhacht an Éitis

**Sainmhíniú:** I scoil BOO, tá an t-éiteas mar bhonn agus mar thaca faoi gach polasaí agus cleachtas sa scoil. Cuireann sé in iúl na luachanna a chuirtear chun cinn sa scoil, conas a dhéantar an curaclam foirmiúil agus folaithe a sheachadadh, agus nádúr na gcaidreamh laistigh den scoil.

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Tuigeann gach ball de phobal na scoile an t-éiteas agus cuirtear in iúl dóibh é** | 1 (a) | Cuirtear gach ball de phobal na scoile, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, baill foirne agus Boird Bainistíochta ar an eolas faoin éiteas agus faoin bhfreagracht atá orthu seasamh leis agus é a chur chun cinn. |
| | 1 (b) | Tá an t-éiteas le feiceáil ar fud champas na scoile agus timpeallacht scoile ar líne. |
| | 1 (c) | Mar chuid de chláir ionduchtúcháin, cuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh plé agus soiléiriú ar *Chreat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas.* |
| | 1 (d) | Tá éiteas na scoile le feiceáil i ngach doiciméad polasaí, bolscaireachta, cumarsáide, earcaíochta agus cáipéisí ábhartha eile. |
| | 1 (e) | Cuireann próisis earcaíochta deiseanna ar fáil chun éiteas na scoile a phlé chomh maith le hionchais gach ball de phobal na scoile seasamh leis. |
| | 1 (f) | Cuirtear deiseanna foirmiúla agus ceilte ar fáil do gach ball de phobal na scoile chun éiteas na scoile a phlé agus machnamh a dhéanamh air. |
| | 1 (g) | Téann an fhoireann i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú leo *Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas* a chur i bhfeidhm. |
| | 1 (h) | Is cuid bhunúsach de na cruinnithe a bhíonn ag Comhairle na nDaltaí, Cumann Tuismitheoirí, foireann na scoile agus an Bord Bainistíochta deiseanna chun an t-éiteas a chur in iúl agus a phlé. |
| | 1 (i) | Bíonn gníomhaíochtaí, searmanais agus imeachtaí tábhachtacha scoile ag teacht le héiteas na scoile agus tarraingíonn siad aird air. |
| **Cinntíonn ceannaireacht scoile cur chun cinn córasach agus cur i bhfeidhm an éitis i bpríomhphróisis chinnteoireachta** | 1 (j) | Glacann gach ceannaire scoile agus ball den Bhord Bainistíochta freagracht as éiteas na scoile a chur chun cinn. |
| | 1 (k) | Tá an t-éiteas lárnach i bpróisis chinnteoireachta ceannaireachta scoile agus an Bhoird Bainistíochta. |
| | 1 (l) | Cuirtear éiteas na scoile in iúl i ngach polasaí agus cleachtas scoile agus tá sé lárnach ina bhforbairt agus ina gcur i bhfeidhm. |
| | 1 (m) | Bunaítear Foireann Ceannaireachta Éitis (FCÉ) sa scoil chun a chinntiú go bhfuil an t-éiteas comhtháite go hiomlán in oibriú na scoile agus go ndéantar athbhreithniú rialta air trí phróiseas féinmheastóireachta agus pleanála na scoile, lena n-áirítear cur i bhfeidhm gníomhartha a bhaineann le héiteas. Is rannpháirtí gníomhach é an FCÉ i bhFoghlaim Ghairmiúil Líonra (FGL) maidir le héiteas an BOO. |
| | 1 (n) | Tugann ceannaireacht scoile aghaidh ar chleachtais scoile nó ar chur chun cinn tuairimí nach bhfuil ag teacht le héiteas na scoile. |

## Réimse 2: Barr Feabhais san Oideachas

**Sainmhíniú:** Léiríonn éiteas scoile BOO go bhfuil bunluachanna an chúraim, an mheasa, an phobail agus an chomhionannais mar bhonn agus mar thaca faoi bharr feabhais san oideachas.

**Cuimsíonn barr feabhais san oideachas:**

- torthaí, áit a gcuirtear ar chumas gach ball de phobal na scoile a lánacmhainneacht a bhaint amach
- eispéiris, i gcás ina gcuirtear soláthar in oiriúint do scileanna agus do riachtanais aonair, agus cuireann timpeallacht dhearfach sábháilteacht agus tacaíocht ar fáil agus spreagann sé iniúchadh agus rioscaí a ghlacadh san fhoghlaim
- ionchais, áit a gcomhoibríonn gach ball de phobal na scoile le chéile, glacann siad ról orthu féin, agus ina spreagtar iad foghlaim ar bhealaí éagsúla; agus cultúir scoile, áit a gcuirtear bunluachanna an chúraim, an mheasa, an phobail, agus an chomhionannais chun cinn
- na gnéithe intleachtúla, spioradálta, fisiciúla, sóisialta agus morálta d'fhéiniúlacht na ndaltaí

*Cé gur bunluach é 'Barr Feabhais san Oideachas' atá mar bhonn faoi éiteas scoileanna BOO, ní leagtar amach é sa doiciméad seo ar an mbealach céanna leis na réimsí eile. Is é an chúis atá leis sin go bhfuil scoileanna ag obair cheana féin le Creat Ag Breathnú ar Scoileanna Againne a théann i ngleic go soiléir le cleachtas éifeachtach san fhoghlaim agus sa teagasc. Dá bhrí sin, bheadh obair bhreise nach bhfuil gá léi ag baint leis na caighdeáin agus ráitis ar chleachtas éifeachtach atá mar bhonn agus mar thaca faoin réimse seo a lua arís.*

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Is é aidhm na scoile barr feabhais a bhaint amach i ngach gné den fhoghlaim agus den teagasc** | 2 (a) | Leagtar amach ráitis ar chleachtas éifeachtach maidir le barr feabhais san fhoghlaim agus sa teagasc in *Ag Breathnú ar Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/Scoileanna Speisialta/Iar-Bhunscoileanna* (Cigireacht na Roinne Oideachais, 2022). |

## Réimse 3: Cúram

**Sainmhíniú:** I scoil BOO, baineann cúram le leas, folláine, agus sábháilteacht gach ball de phobal na scoile. Léirítear é trí chaidrimh fhiúntacha, nascacht, agus comhbhá, chomh maith le tacaíocht agus dlúthpháirtíocht.

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Soláthraíonn an scoil timpeallacht chomhbhách a chuireann leas na mball go léir chun cinn go héifeachtach** | 3 (a) | Cuirtear cúram chun cinn mar bhunluach na scoile agus déanann sé eolas d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaí scoile, chomh maith le cleachtadh agus cinnteoireacht ag leibhéal uilescoile agus ranga. |
| | 3 (b) | Déantar polasaí folláine uilescoile a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal ranga agus uilescoile. Tá polasaithe ar leith a bhaineann le folláine i bhfeidhm amhail Cosaint Leanaí, Frithbhulaíocht agus Teagmhas Criticiúil. |
| | 3 (c) | Mar chuid de churaclam na scoile, foghlaimíonn na daltaí an t-eolas, na scileanna, na dearcthaí agus na luachanna a bhaineann leis an bhfolláine lena n-áirítear forbairt inniúlachtaí sóisialta agus mothúchánacha e.g. éisteacht éifeachtach, réiteach coimhlinte, íogaireacht chultúir, comhbhá agus cóimheas ar dhifríochtaí ar leith. |
| | 3 (d) | Bunaítear caidrimh dhearfacha, thacúla agus bíonn timpeallacht chúramach, chuimsitheach sa scoil a chaitheann go cothrom le gach ball de phobal na scoile |

## Réimse 3: Cúram (ar lean)

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis um Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| | 3 (e) | Bíonn nasc idir daltaí agus baill foirne, aithnítear iad agus tacaítear leo ar scoil agus tuigeann siad a gcuspóir agus an chaoi lena chomhlíonadh. Tá bá ag an bhfoireann le daltaí agus cabhraíonn siad lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. |
| | 3 (f) | Múnlaíonn an fhoireann iompar comhbhách ina n-idirghníomhaíochtaí le ceannaireacht scoile, comhghleacaithe agus gach ball eile de phobal na scoile. |
| | 3 (g) | Tá córais i bhfeidhm ag ceannaireacht scoile chun tacú le gach ball foirne. Cuirtear le folláine foirne trí líonraí foghlama gairmiúla, trí láidreachtaí agus éachtaí foirne a cheiliúradh, spreagadh chun comhoibriú le baill foirne eile, agus rochtain ar chomhairle ghairmiúil. |
| | 3 (h) | Bíonn deiseanna ag baill de phobal na scoile ceisteanna a chur ar bhealach sábháilte agus tacúil. |
| **Cinntíonn an fhoireann go dtuigeann siad leasanna agus cumas na ndaltaí uile** | 3 (i) | Forbraítear caidrimh éifeachtacha oibre agus struchtúir tuairiscithe idir suíomhanna ábhartha amhail cúram agus oideachas luath-óige, bunscoileanna friothálacha agus iar-bhunscoileanna d'fhonn tacú le haistriú daltaí ó shuíomh amháin go suíomh eile. |
| | 3 (j) | Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun eolas a bhailiú faoi dhaltaí atá i mbaol, ionas go bhféadfaí idirghabhálacha luatha a chur ar fáil. |
| | 3 (k) | Glacann múinteoirí am chun foghlaim faoi láidreachtaí, suimeanna agus dúshláin na ndaltaí chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhfolláine. |
| | 3 (l) | Úsáideann baill foirne torthaí measúnaithe go héifeachtach chun a chinntiú go gcuirtear leibhéil chuí dúshláin agus tacaíochta ar fáil do dhaltaí. |
| **Forbraítear agus cuirtear cuir chuige chórasacha i bhfeidhm maidir le tacaíocht na ndaltaí agus go háirithe tacaíochtaí do na daoine is leochailí** | 3 (m) | Bunaíodh próiseas éifeachtach cumarsáide dhá bhealach chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus é ar intinn againn rannpháirtíocht, gnóthachtáil agus dul chun cinn na ndaltaí a mhéadú. Déanann an scoil cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí ar shaincheisteanna amhail leas na ndaltaí, éachtaí agus gnóthachtáil. Tá prótacail shoiléire i bhfeidhm chun deiseanna a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí cumarsáid a dhéanamh le ceannaireacht scoile agus/nó le múinteoirí ar leith. |
| | 3 (n) | Bunaítear polasaithe, nósanna imeachta agus struchtúir shoiléire, uilescoile chun cur chuige sofhreagrach, córasach agus bunaithe ar fhianaise a threorú maidir le tacaíocht a chur ar fáil do gach dalta. |
| | 3 (o) | Léirítear róil agus freagrachtaí maidir le tacaíocht daltaí go soiléir agus bunaítear córais éifeachtacha do chruinnithe, cumarsáid, tuairisciú agus coinneáil taifead agus cuirtear i bhfeidhm iad. Cuirtear ar chumas na foirne dul i dteagmháil le forbairt ghairmiúil ábhartha chun a n-inniúlachtaí a fhorbairt agus iad ag cur tacaíocht ar fáil do dhaltaí. |
| | 3 (p) | Bunaítear foireann tacaíochta/cúraim do dhaltaí agus feidhmíonn siad de réir treoirlínte náisiúnta. |

## Réimse 4: Comhionannas

**Sainmhíniú:** I scoil BOO, baineann comhionannas le caitheamh go cothrom le gach ball de phobal na scoile agus éagsúlacht agus dínit na mball sin a aithint agus a cheiliúradh. Léirítear é trí thús áite a thabhairt d'acmhainní ar bhonn riachtanais agus cultúr cuimsithe a chur chun cinn.

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cuireann an scoil cultúr comhionannais agus cuimsithe chun cinn a dhearbhaíonn éagsúlacht laistigh de phobal na scoile** | 4 (a) | Cuirtear comhionannas chun cinn mar bhunluach na scoile agus déanann sé eolas d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaí scoile, chomh maith le cleachtadh agus cinnteoireacht ag leibhéal iomlán scoile agus ranga. |
| | 4 (b) | Cuireann an polasaí iontrála agus na nósanna imeachta comhdheiseanna ar fáil do rollú daltaí de réir an *Achta Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018*. Tá an scoil inrochtana go fisiciúil agus go cultúrtha do dhaltaí agus dá dteaghlach. |
| | 4 (c) | De réir na reachtaíochta comhionannais, caitear go cothrom le gach ball de phobal na scoile beag beann ar a gcine, inscne, reiligiún/creideamh[2], aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ball den Lucht Siúil, gnéaschlaonadh, cumas nó stádas socheacnamaíoch[3] agus léirítear meas ar a gcearta. |
| | 4 (d) | Tá bunluach an chomhionannais le feiceáil sna híomhánna, sna hacmhainní agus sna taispeántais a úsáidtear ar fud na scoile. |
| | 4 (e) | Tá luachanna an chomhionannais, an chuimsithe agus an urraim don éagsúlacht le feiceáil i ngach doiciméad polasaí, cumarsáid, imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid na scoile ag leibhéal uilescoile agus ranga. |
| | 4 (f) | Caitear go cóir cothrom le ceiliúradh reiligiúin agus creidimh a bhíonn ar siúl i rith na scoilbhliana maidir le hionadaíocht shiombalach, an t-am a chaitear ag plé leo agus an bhéim a leagtar orthu. |
| | 4 (g) | Cuirtear ar chumas na foirne dul i mbun eispéiris foghlama ghairmiúla chun tuiscint a fháil ar a ról maidir le comhionannas a chur chun cinn agus deireadh a chur le héagothroime. |
| | 4 (h) | Tugtar deiseanna do bhaill de phobal na scoile machnamh a dhéanamh ar a gclaonadh féideartha i dtreo grúpaí áirithe agus an tionchar a bhíonn ag claontachtaí dá leithéid ar éagothroime a bhuanú. Cuirtear deiseanna ar fáil don fhoireann tuairimí, noirm agus struchtúir chumhachta a aithint, a ndúshlán a thabhairt agus éirí as na drochnósanna, agus tugtar aird ar leith do chaidreamh cumhachta éagothrom a d'fhéadfadh a bheith ann idir baill de phobal na scoile ó ghrúpaí ceannasacha agus mionlaigh. |
| | 4 (i) | Bíonn deiseanna cothroma ag daltaí leas a bhaint as an gcuraclam agus a bheith páirteach i saol na scoile. Cuireann an fhoireann cur chuige bunaithe ar neart chun cinn go gníomhach ina mbíonn ionchais arda maidir le rannpháirtíocht, éachtaí agus gnóthachtáil gach dalta. |
| | 4 (j) | Úsáidtear sonraí chun tearcfheidhmíocht nó easpa deiseanna d'aon ghrúpaí/féiniúlachtaí ar leith a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu. |
| | 4 (k) | Nuair a thaispeántar siombailí reiligiúnacha agus creidimh sa scoil, is léiriú iad ar reiligiúin agus ar chreidimh phobal na scoile ar fad. Téitear i gcomhairle le pobal na scoile maidir le siombailí den sórt sin. |
| | 4 (l) | Dearbhaítear éagsúlacht laistigh de phobal na scoile go fiúntach ar bhonn leanúnach sna curaclaim fhoirmiúla agus fholaithe agus sna struchtúir eagrúcháin[4] atá i bhfeidhm sa scoil. |
| | 4 (m) | Tugtar tacaíocht do gach dalta agus dá dteaghlach bacainní féideartha a shárú maidir le rochtain chomhionann a bheith acu ar shaol an churaclaim agus na scoile trí rochtain chuí a fháil ar áiseanna, ar fhaisnéis, ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí na scoile. Déantar iarrachtaí ar leith a chinntiú go gcuirtear daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí nuathagtha ó thíortha eile ar an eolas go hiomlán, ar bhealaí cuí, faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an scoil agus faoi chóras oideachais na hÉireann ar bhonn níos leithne. |
| | 4 (n) | Dáiltear acmhainní na scoile go cothrom lena chinntiú go sroicheann gach dalta a lánacmhainneacht. Nuair is gá agus nuair is cuí, cuirtear tacaíochtaí breise agus cóiríocht réasúnta ar fáil do dhaltaí. |

[2] I measc na gcreideamh tá radharcanna domhanda neamhreiligiúnacha. Is é an réasúnaíocht a bhaineann leis an téarma 'creideamh' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar thuairimí domhanda neamhreiligiúnacha ná gurb é sin an téarma a úsáidtear i bPrionsabail Treorach Toledo maidir le Teagasc faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh i Scoileanna Poiblí (OSCE, 2007) agus ag an CNCM sa churaclam MLML (CNCM, 2018) agus sa tSonraíocht ar Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí (CNCM, 2019).

[3] Cé nach bhfuil stádas socheacnamaíoch ina fhoras idirdhealaithe i reachtaíocht chomhionannais na hÉireann faoi láthair, tá sé ríthábhachtach go gcinnteodh scoileanna BOO go gcaitear go cothrom le leanaí ó gach cúlra socheacnamaíoch.

[4] Tagraíonn 'struchtúir eagraíochtúla' do Chomhairle na nDaltaí, Cumann na dTuismitheoirí, an Bord Bainistíochta agus coistí agus struchtúir eile a chuireann an scoil i bhfeidhm chun tacú le gnéithe éagsúla de shaol na scoile.

## Réimse 5: Pobal

**Sainmhíniú:** I scoil BOO, cuimsíonn pobal daltaí, baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal áitiúil. Baineann sé le fís, luachanna, cuspóir coiteann, muintearas, agus guth a n-éistear leis. Léirítear é trí chomhoibriú tairbheach, cúnamh dearfach, agus cumarsáid éifeachtach ar fud phobal na scoile.

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Bíonn muintearas le brath ag daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí/ caomhnóirí agus mothaíonn siad go bhfuil cuspóir acu mar bhaill na scoile** | 5 (a) | Cuirtear an pobal chun cinn mar bhunluach na scoile agus déanann sé eolas d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaí scoile, chomh maith le cleachtadh agus cinnteoireacht ag leibhéal iomlán scoile agus ranga. |
| | 5 (b) | Tá meicníochtaí i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le gach ball de phobal na scoile machnamh a dhéanamh ar éiteas agus ar chuspóirí na scoile agus ar a ról chun tacú lena forbairt. |
| | 5 (c) | Moltar do gach ball de phobal na scoile cur le forbairt na scoile agus tacú léi. |
| | 5 (d) | Bíonn deiseanna ag gach ball de phobal na scoile páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí ag leibhéal iomlán scoile. |
| | 5 (e) | Cruthaíonn an fhoireann muintearas sa seomra ranga ina bhfoghlaimíonn agus ina gcleachtann gach dalta scileanna comhoibrithe. Mothaíonn na daltaí go bhfuil tábhacht leo agus freagracht choiteann as foghlaim agus leas comhscoláirí. |
| | 5 (f) | Cuirtear deiseanna ar fáil do dhaltaí nua socrú isteach sa scoil, aithne a chur ar a gcomhghleacaithe, cairde a dhéanamh agus muintearas a fhorbairt. |
| | 5 (g) | Samhlaíonn daltaí dearfacht leis an scoil agus bíonn siad bródúil a bheith ina n-ionadaithe don scoil i rith imeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla. |
| | 5 (h) | Coinnítear agus feistítear campas na scoile chun tacú le luachanna agus cuspóir na scoile agus chun mórtas agus muintearas a chur chun cinn i measc bhaill phobal na scoile. Taispeántar obair agus éachtaí na ndaltaí ar fud na scoile. |
| | 5 (i) | Bíonn tuiscint láidir ar iarracht chomhoibritheach i measc na foirne go léir agus tugtar deiseanna dóibh comhoibriú agus tacaíocht a thabhairt dá chéile chun foghlaim, teagasc agus measúnú a fheabhsú. Bíonn seisiúin ionduchtaithe ag baill nua den fhoireann agus tugtar tacaíocht agus meantóireacht chuí do mhúinteoirí nuacháilithe de réir treoirlínte náisiúnta. |
| | 5 (j) | Bíonn córais chumarsáide shoiléire agus éifeachtacha ann idir gach ball de phobal na scoile chun a chinntiú go gcuirtear ar an eolas iad maidir le hábhair ábhartha. Bailítear aiseolas go tréimhsiúil ar bhealach cuí le haghaidh cumarsáide. |
| **Cuirtear deiseanna fiúntacha ar fáil do gach ball na scoile chun guth gníomhach a bheith acu sa scoil** | 5 (k) | Cuirtear guth agus rogha na ndaltaí chun cinn ag leibhéal ranga agus uile-scoile chun deiseanna atá oiriúnach ó thaobh forbartha de a chur ar fáil le haghaidh neamhspleáchais agus tionchair. Déanann an scoil iarracht a chinntiú go bhforbraíonn daltaí tuiscint ar chumhacht a ngutha féin. Cabhraíonn an scoil le daltaí na scileanna agus an mhuinín a fhorbairt a bhíonn ag teastáil chun a nguth a úsáid go héifeachtach ar mhaithe leo féin agus le daoine eile. Déantar iarrachtaí fiúntacha na bacainní atá roimh roinnt daltaí a aithint agus cabhrú leo a nguth a úsáid. |
| | 5 (l) | Téitear i gcomhairle le baill de phobal na scoile ar bhealach fiúntach maidir le polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta na scoile. |

## Réimse 5: Pobal (ar lean)

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| | 5 (m) | Bunaítear agus tacaítear le Comhairle na nDaltaí chun feidhmiú go héifeachtach ar mhaithe leis an scoil agus lena daltaí. |
| | 5 (n) | Bunaítear agus tacaítear le Cumann Tuismitheoirí chun caidrimh dhearfacha a chothú idir an baile agus an scoil. |
| | 5 (o) | Is léiriú iad gach coiste scoile ar an éagsúlacht laistigh de phobal na scoile. Déantar iarrachtaí fiúntacha chun na bacainní atá roimh roinnt daoine /grúpaí a aithint agus cabhrú leo páirt a ghlacadh i gcoistí scoile. |
| | 5 (p) | Comhoibríonn an Bord Bainistíochta ar bhealach fiúntach leis an gCumann Tuismitheoirí agus le Comhairle na nDaltaí i mbainistíocht na scoile. |
| **Bíonn an scoil páirteach sna pobail áitiúla agus go naisiúnta agus déanann sí machnamh orthu chun tacú le hobair na scoile agus an phobail áitiúil** | 5 (q) | Cuirtear éiteas na scoile in iúl laistigh den phobal áitiúil chun aird a tharraingt ar a luachanna agus a cuspóir. |
| | 5 (r) | Cuireann an scoil deiseanna ar fáil do bhaill de phobal na scoile dul i mbun rannphháirtíochta, nuair is féidir, ag leibhéil éagsúla le scoileanna áitiúla eile, agus leis an líonra BOO go háitiúil agus go náisiúnta. Cuireann an scoil líonraí gairmiúla chun cinn d'fhoireann na scoile agus cinntíonn sí go mbaineann baill foirne leas as an réimse tacaíochtaí a chuireann seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais agus comhlachtaí seachtracha eile ar fáil. |
| | 5 (s) | Moltar rannphháirtíocht daoine aonair, comhlachtaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla sa scoil chun saoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus tacú le foghlaim agus leas na ndaltaí. |
| | 5 (t) | Déantar gach iarracht a chinntiú go léirítear éiteas scoile an BOO trí eagraíochtaí/ cainteoirí seachtracha ar tugadh cuireadh dóibh oibriú le/labhairt le baill de phobal na scoile. |
| | 5 (u) | Ceadaíonn an BOO/Bord Bainistíochta foirgneamh nó forais na scoile a úsáid chun críocha pobail de réir threoirlínte na Roinne Oideachais, de réir mar is cuí. |
| **Pléann an scoil go cuí agus go cothrom le pobail reiligiúnacha/ chreidimh** | 5 (v) | Cuirtear comhdheiseanna ar fáil do cheannairí reiligiúnacha/creidimh páirt a ghlacadh in imeachtaí suntasacha scoile. |
| | 5 (w) | Tugtar deis do phobail reiligiúnacha agus chreidimh chun ceachtanna a chur ar fáil lasmuigh den lá scoile de réir pholasaithe ábhartha BOO/scoile maidir le foirgneamh scoile a úsáid. |
| | 5 (x) | Nuair is féidir, cuirtear spás ar fáil ó am go ham i rith an lae scoile do cheannairí reiligiúnacha agus creidimh chun freastal ar dhaltaí óna bpobail m.sh., ag amanna speisialta den bhliain agus ag amanna tragóide do bhaill den phobal reiligiúnach/creidimh sin. |
| | 5 (y) | Nuair is féidir, i gcás ina n-iarrann tuismitheoirí/caomhnóirí nó ceannairí pobail reiligiúnacha/creidimh ar leith ceiliúradh nó imeacht ar leith a éascú do dhaltaí óna reiligiún/creideamh féin, is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí (nó daltaí os cionn 18 mbliana d'aois) a bheith **páirteach** san ócáid nó sa cheiliúradh in áit **cosc** a bheith ar dhaltaí a bheith páirteach. |

## Réimse 6: Meas

**Sainmhíniú:** I scoil BOO, baineann meas le dínit, cearta, agus aitheantas féiniúlachta agus cúlra gach ball de phobal na scoile a chosaint. Léirítear sin i gcaidrimh idir gach ball de phobal na scoile, agus cinnteoireacht a mbíonn tionchar dearfach aige ar chearta, ar mhothúcháin, agus ar mhianta éagsúlacht daoine laistigh de phobal na scoile.

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cuireann an scoil timpeallacht mheasúil chun cinn do gach ball de phobal na scoile** | 6 (a) | Cuirtear meas chun cinn mar bhunluach laistigh den scoil agus déanann sé eolas do pholasaí, cleachtas agus cinnteoireacht scoile ag leibhéal uilescoile agus ranga. |
| | 6 (b) | Bíonn meas ag gach ball de phobal na scoile ar a n-idirghníomhaíochtaí lena chéile agus le timpeallacht na scoile. |
| | 6 (c) | Bíonn meas i measc bhaill phobal na scoile ar thuairimí éagsúla laistigh de pharaiméadair éiteas na scoile. |
| | 6 (d) | Caitheann gach ball de phobal na scoile go measúil le foireann na scoile. |
| | 6 (e) | Múnlaíonn an fhoireann iompar measúil ina n-idirghníomhaíochtaí le gach ball de phobal na scoile. |
| | 6 (f) | Bíonn seomraí ranga ina dtimpeallachtaí foghlama ag daltaí ina gcaitear leo le dínit agus le meas agus ina gcabhraítear leo trí idirphlé, ceistiú, agus botúin a dhéanamh. |
| | 6 (g) | Cuireann an scoil meas ar an timpeallacht nádúrtha agus a cosaint chun cinn trí pholasaithe agus cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm. Cuireann siad sin ar chumas gach ball de phobal na scoile gníomhú go háitiúil agus sa domhan mór. |
| | 6 (h) | Tá Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) comhtháite ar fud gach réimse curaclaim, lena n-áirítear curaclam na bpátrún, agus tacaíonn sé le gníomhaireacht na ndaltaí athrú dearfach a achtú sa scoil, sa phobal áitiúil agus sa domhan mór. Tá ceannaireacht láidir agus spreagúil ann i dtreo OFI a leabú mar chuid de pholasaithe agus de chleachtais uilescoile. |
| **Forbraíonn an scoil agus cuireann sí i bhfeidhm cód iompair éifeachtach a thagann le héiteas na scoile** | 6 (i) | Cuirtear deiseanna ar fáil do dhaltaí, do thuismitheoirí/caomhnóirí agus don fhoireann an cód iompair a phlé agus a ról maidir le timpeallacht dhearfach scoile a choinneáil. |
| | 6 (j) | Cuirtear cur chuige dearfach i leith iompair i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach. |



## Réimse 7: Curaclam na bPátrún

**Sainmhíniú:** Is léiriú curaclaim éiteas scoile BOO é curaclam na bpátrún. I Scoileanna Náisiúnta Pobail, is é *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! (MLML)* curaclam na bpátrún. I gColáistí Pobail, tá dhá churaclaim phátrúin ann, don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach (a bhfuil forbairt á déanamh uirthi).

| Caighdeáin | Uimhir | Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cuirtear i bhfeidhm curaclam na bpátrún go cuí sa scoil** | 7 (a) | Cinntíonn ceannairí scoile[5] go gcuirtear an líon cuí uaireanta an chloig san amchlár le haghaidh churaclam na bpátrún. Seo a leanas iad:<br><br>**Scoileanna Náisiúnta Pobail:**<br>*Naíonáin Shóisearacha - Rang a 6:* Dearadh *MLML* le haghaidh dhá uair an chloig de rannphháirtíocht daltaí in aghaidh na seachtaine, gan deiseanna eile ina mbíonn MLML comhtháite a chur san áireamh ar fud an churaclaim.<br><br>**Coláistí Pobail:**<br>• *An tSraith Shóisearach:* Dearadh gearrchúrsa na bpátrún le haghaidh 100 uair an chloig de rannpháirtíocht na ndaltaí.<br>• *An tSraith Shinsearach:* Beidh curaclam na bpátrún don tSraith Shinsearach ann, nuair a fhorbrófar é, le haghaidh 66 uair an chloig de rannpháirtíocht na ndaltaí. |
| | 7 (b) | Cuirtear ar chumas múinteoirí churaclam na bpátrún ionduchtú cuí agus oiliúint leanúnach a fháil. |
| | 7 (c) | Déantar curaclam na bpátrún a sheachadadh ar bhealach tarraingteach agus cuimsitheach de réir modheolaíochtaí agus cur chuige a leagtar amach sa churaclam agus in ábhair tacaíochta ghaolmhara. |
| | 7 (d) | Téann múinteoirí i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach a chuireann BOOnna/BOOÉ ar fáil chun tacú le seachadadh gach gné de churaclam na bpátrún agus iad a fheabhsú. Tá cúrsaí forbartha gairmiúla eile a dhéantar a bhaineann le teagasc churaclam na bpátrún atá comhoiriúnach le héiteas scoile an BOO. |
| | 7 (e) | Déanann an Bord Bainistíochta agus an príomhoide maoirseacht ar sheachadadh churaclam na bpátrún, i gcomhar le comhordaitheoir churaclam na bpátrún. |
| | 7 (f) | Freagraíonn teagasc churaclam na bpátrún do riachtanais, spéiseanna agus comhthéacs na ndaltaí. |
| | 7 (g) | Ullmhaíonn/pleanálann múinteoirí don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú go comhoibríoch i gcuraclam na bpátrún ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach. |
| | 7 (h) | Bíonn acmhainní cuí ag múinteoirí chun foghlaim agus teagasc i gcuraclam na bpátrún a éascú. |
| | 7 (i) | Déantar foghlaim agus dul chun cinn na ndaltaí i gcuraclam na bpátrún a dhoiciméadú agus a chur in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí trí struchtúir thuairisce atá ann cheana féin. |

[5] I measc na gceannairí scoile tá an Bord Bainistíochta, an príomhoide agus comhardaitheoir churaclam na bpátrún.



## Iarratais ar an *gCreat*

Léiríonn *Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas* cleachtais éifeachtacha maidir le héiteas. Dearadh é chun an scóip is leithne is féidir a thabhairt do scoileanna chun barr feabhais a aithint agus a bhaint amach i dtaca le maireachtáil de réir éiteas BOO. Dála Chreat LAOS, níor cheart do scoileanna caitheamh leis an *gCreat* seo mar a bheadh seicliosta dolúbtha ann ach mar chumasóir féinmhachnaimh chriticiúil a ligeann dóibh freastal ar riachtanais phobal na scoile.

### Machnamh

Is gné lárnach é an machnamh in iompar múinteoirí agus ceannairí éifeachtacha. Is féidir *an Creat* seo a úsáid ar roinnt bealaí chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí agus iad ag machnamh go criticiúil ar a gcleachtais maidir le héiteas. Cuireann sé sin ar a gcumas tionchar na gcleachtas sin a mheas ar phobal na scoile i gcoitinne agus ar thimpeallacht na scoile ar fad. Mar sin, is féidir an *Creat* a úsáid:

- d'fhéinmhachnamh aonair ar chleachtas gairmiúil agus mar thagairt leanúnach chun cabhrú le muinín agus inniúlacht aonair a fhorbairt maidir le héiteas scoileanna BOO
- mar uirlis mhachnaimh idir baill foirne laistigh de scoileanna, BOOnna agus go náisiúnta ar fud na hearnála
- mar bhealach chun machnamh a dhéanamh ar éiteas le pobal na scoile i gcoitinne
- chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt tacaíochtaí BOOnna agus BOOÉ

### Trédhearcacht, Comhsheasmhacht agus Cuntasacht

Ar fud na hearnála tá gá le soiléireacht agus comhsheasmhacht níos mó maidir leis an méid a tharlaíonn nuair a úsáidtear éiteas BOO ar bhealach éifeachtach. Soláthraítear *sa Chreat* seo:

- soiléireacht maidir leis an gcuma a bhíonn ar scoil a bhfuil a baill ag úsáid éiteas BOO ar bhealach éifeachtach
- treoir thrédhearcach chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile a bheith freagrach dá bpobal
- comhsheasmhacht maidir le láidreachtaí breithmheasa agus modh chun réimsí forbartha a aithint

### Foireann a Fhorbairt agus a Choinneáil

Tá suim nach beag ag earnáil an BOO múinteoirí agus ceannairí scoile a fhorbairt agus a choinneáil. Soláthraíonn an Creat seo struchtúr trínar féidir:

- le scoileanna, BOOnna agus BOOÉ na tacaíochtaí cuí a theastaíonn chun cumas múinteoirí, ceannairí agus ceannairí féideartha a fhorbairt
- le múinteoirí agus ceannairí a bhfuil taithí acu comhairle agus treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí nua atá ag teacht chun cinn laistigh de scoileanna agus san earnáil BOO níos leithne



## Iarratais ar an *gCreat*

### Foireann a Earcú

Tá earcú na foirne ar cheann de na róil is tábhachtaí ag BOOnna agus príomhoidí scoile. Bíonn tionchar fadtéarmach ag a gcinntí ar éiteas a scoileanna. Cuireann *an Creat* seo tacaíocht ar fáil san iarracht sin trí:

- aird a tharraingt ar dhea-chleachtas gach fostaí féideartha rud atá lárnach in éiteas scoileanna BOO a fhorbairt agus a choinneáil
- soiléireacht agus comhsheasmhacht a éascú in aon bhreithniú ar iarrthóirí le linn phróiseas an agallaimh ar fud na hearnála BOO
- a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag iarrthóirí féideartha, agus orthu siúd atá ag earcú iarrthóirí, ar fhreagrachtaí agus ar ionchais múinteoirí agus ceannairí scoile maidir le héiteas i scoil BOO

### Ionduchtú Foirne agus Daltaí

Is cuid lárnach de chomhtháthú phobal na scoile é ionduchtú maith na foirne agus na ndaltaí nua. Tacaíonn an Creat seo le hionduchtú foirne agus daltaí nua trí:

- tuiscint shoiléir a sholáthar ar éiteas BOO agus ar an gcaoi a bhfuil sé in úsáid i scoileanna BOO
- baill foirne agus daltaí nua a éascú chun machnamh a dhéanamh ar éiteas scoileanna BOO agus ar an gcaoi ar cheart dá gcleachtais agus dá n-iompar eolas a dhéanamh dó chun tacú leis an éiteas sin.

### Tuismitheoirí agus Caomhnóirí

Tá caidrimh réamhghníomhacha le tuismitheoirí agus caomhnóirí ríthábhachtach chun pobal comhtháite scoile a chruthú. Tacaíonn *an Creat* seo le caidrimh a fhorbairt idir grúpaí tuismitheoirí/caomhnóirí scoile BOO trí:

- soiléireacht a sholáthar maidir leis an gcuma atá ar scoil atá ag úsáid an éitis BOO go héifeachtach
- rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí a éascú maidir le héiteas scoile BOO a thuiscint

### Féinmheastóireacht Scoile (FMS) maidir le hÉiteas

Moltar do scoileanna dul i mbun féinmheastóireacht scoile maidir le héiteas. D'fhorbair an Dr Shivaun O'Brien (EQI, DCU) acmhainn iomlán thar ceann BOOÉ chun tacú le scoileanna sa phróiseas sin. Chun tuilleadh eolais a fháil conas is féidir leis an scoil próiseas éitis FMS a úsáid, déan teagmháil le BOO áitiúil.




## Aguisín 1

***Ráiteas Sainspioraid le haghaidh Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Pobail***

Is scoileanna stáit, comhoideachais, ilchreidmheacha iad scoileanna BOO a bhfuil na bunluachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca acu:

- Barr Feabhais san oideachas
- cúram
- comhionannas
- pobal agus
- meas




Agus í mar sholáthraí oideachais stáit, sainmhíníonn earnáil BOO scoil 'ilchreidmheach' ar an mbealach seo a leanas:

I scoileanna BOO, tugtar comhdheiseanna cláraithe do gach dalta de réir *an Achta Oideachais, (Ligean Isteach i Scoil) 2018.* Nuair a chláraítear iad, déanann ár scoileanna iarracht comhdheiseanna a chur ar fáil do gach dalta plé leis an gcuraclam agus le saol na scoile. I ngach gné de shaol na scoile, caitear go cothrom le gach ball dár bpobail scoile beag beann ar a gcine, inscne, reiligiún/creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, baill den Lucht Siúil, gnéaschlaonadh, cumas nó stádas socheacnamaíoch.

Cuireann ár scoileanna timpeallacht shábháilte fhisiciúil agus shóisialta ar fáil a threisíonn muintearas sa phobal scoile agus sa tsochaí níos leithne. Déanann siad a ndícheall cur ar chumas gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach beag beann ar aon ghné dá bhféiniúlacht ná dá gcúlra. Cuireann ár scoileanna oideachas iomlán cuimsitheach chun cinn a aithníonn iolracht na bhféiniúlachtaí, na gcreideamh agus na luachanna atá ag daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foirne. Ullmhaímid saoránaigh oscailte fhreagracha, íogair ó thaobh cultúir de agus tuiscint láidir acu ar luachanna coiteanna.

I scoileanna BOO, caitear go cothrom le daltaí de gach reiligiún agus creideamh. Ní thugtar pribhléidí d'aon ghrúpa ar leith thar ghrúpa eile sa timpeallacht ná i ngníomhaíochtaí na scoile, ach ag an am céanna tugtar aitheantas do gach ball de reiligiún agus creideamh ar leith.

## Aguisín 2


*Ráiteas Sainspioraid le haghaidh Coláistí Pobail ar Leith*

Is Coláiste Pobail ar leith é (Scoil XX). Bunaítear Coláistí Pobail ar Leith trí chomhaontú eiseamláireach a shíniú idir BOO agus an tEaspag Caitliceach áitiúil agus/nó pobal reiligiúnach.
Is é XX BOO pátrún na scoile. Foráiltear leis an gcomhaontú eiseamláireach do rannpháirtíocht (Pobal XX/ Easpag Dheoise XX) in eagrú agus i mbainistiú an choláiste phobail ar bhonn leanúnach.

Bunaíodh Scoil XX in (Bliain xx) i gcomhpháirtíocht idir (BOO XX) agus (Pobal XX/Easpag Dheoise XX) *(ba chóir do scoileanna athruithe a dhéanamh chun tagairt a dhéanamh don chaoi ar bunaíodh an scoil m.sh. cónascadh, láithreán úrnua)*. Traidisiúin, luachanna agus cúis bhunaithe BOO XX agus (Pobal XX/Easpag XX) atá fós cumhdaithe sa sainspiorad agus i saol ár scoile.

Is scoil stáit, chomhoideachais, ilchreidmheach í ár scoil a bhfuil na bunluachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca aici:

- Barr Feabhais san oideachas
- cúram
- comhionannas
- pobal agus
- meas




Caitear go cothrom le gach ball dár bpobal scoile, beag beann ar a gcine, inscne, reiligiún/creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas pósta, ball den Lucht Siúil, gnéaschlaonadh, cumas ná stádas socheacnamaíoch. Inár scoil, tugtar comhdheiseanna do gach dalta maidir le rollú, ar aon dul leis an *Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoil) (2018)*. Nuair a chláraítear iad, déanann ár scoil iarracht comhdheiseanna a chuir ar fáil dár ndaltaí go léir chun plé le saol an churaclaim agus na scoile.

Cuireann ár scoil (scoil XX) timpeallacht shábháilte fhisiciúil agus shóisialta ar fáil a threisíonn muintearas i bpobal na scoile agus sa tsochaí níos leithne. Déanaimid ár ndícheall cur ar chumas gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach beag beann ar ghné ar bith dá bhféiniúlacht ná dá gcúlra. Cuireann ár scoil oideachas iomlán cuimsitheach chun cinn a aithníonn iolracht na bhféiniúlachtaí, na gcreideamh agus na luachanna atá ag daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foirne.

Ullmhaímid saoránaigh oscailte fhreagracha, íogair ó thaobh cultúir de agus a bhfuil tuiscint láidir acu ar luachanna coiteanna.

Scoil ilchreidmheach is ea ár scoil. Cuirimid fáilte roimh dhaltaí de gach reiligiún agus creideamh, bíonn meas againn orthu agus tugaimid tacaíocht dóibh. Trí oideachas reiligiúnach, adhradh agus obair an tSéiplínigh cabhraítear le machnamh a dhéanamh ar rún bunaithe na scoile, ráiteas misin na scoile agus riachtanais na ndaltaí laistigh den scoil. Trí shainspiorad na scoile tugtar léiriú praiticiúil agus gníomhaíochtaí for-rochtana liotúirgeacha agus sóisialta, de réir mar is cuí, do gach dalta.

etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

**16**
16 Bhord Oideachais agus Oiliúna

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Coláistí Pobail

Breisoideachas agus Oiliúint

Is iad BOOnna an soláthraí oideachais is mó trí mheán na Gaeilge ag leibhéal iar-bhunscoile

Is iad BOOnna an soláthraí is mó oideachas ilchreidmheach in Éirinn

Is é **Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)** an comhlacht ionadaíoch náisiúnta dár mball BOOnna agus cuimsíonn sé foireann BOOÉ, Príomhfheidhmeannaigh BOOÉ, Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna, Stiúrthóirí Scoileanna, Stiúrthóirí Eagraíochta, Fóraim Thacaíochta agus Forbartha agus na líonraí agus na grúpaí faoi seach a bhaineann leis na fóraim sin. Is é an misean atá againn ná forbairt leanúnach an oideachais, na hoiliúna agus na hoibre óige in Éirinn a threorú agus a chur chun cinn agus is í an fhís atá againn leas a bhaint as ár neart chun tionchar a bheith againn ar earnáil láidir oideachais agus oiliúna agus í a chur chun cinn trí chomhoibriú agus trí chomhiarracht. Treoraíonn na bunluachanna barr feabhais, cúram, comhionannas, pobal agus meas BOOÉ agus díríonn ár spriocanna straitéiseacha ar sheachadadh faoi théamaí an phobail, comhpháirtíochta agus féidearthachta.

Is iad **na Boird Oideachais & Oiliúna** príomhsholáthraithe reachtúla Oideachais agus Oiliúna na hÉireann agus tá siad uathúil maidir le foghlaim feadh an tsaoil a chur ar fáil do chách. Le chéile, tá freagracht ar na sé cinn déag de Bhoird Oideachais agus Oiliúna as Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Pobail. Is iad BOOnna an soláthraí oideachas ilchreidmheach is mó in Éirinn freisin. Is iad Coláistí Pobail BOO an soláthraí oideachais is mó trí mheán na Gaeilge. Cuireann BOOnna Breisoideachas agus Oiliúint ar fáil d'fhoghlaimeoirí uathúla FET gach bliain agus tá ról lárnach acu i seachadadh printíseachtaí agus oiliúnaithe i gcomhpháirtíocht le fostóirí. Déanann BOOnna tacaíocht, monatóireacht, agus seirbhísí óige a sheachadadh freisin.



etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

Cnoc an Phíobaire,
Bóthar Chill Chuillinn,
An Nás, Co Chill Dara
W91K729

www.BOOÉ.ie

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

BOOÉ (2022)